CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 238/2019

an 27 Meán Fómhair 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/43]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/64 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonrú a dhéanamh ar conas a bheidh critéir Airteagal 20(1)(c)(iii) le cur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an dtiocfadh drochthionchair shuntasacha as eachtraí áirithe, agus sin ar shláine an mhargaidh, ar chobhsaíocht airgeadais, ar thomhaltóirí, ar an bhfíorgheilleagar nó ar mhaoiniú teaghlach agus gnólachtaí i mBallstát amháin nó níos mó ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/65 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena sonraítear eilimintí teicniúla de na sainmhínithe a leagtar síos i mír 1 d'Airteagal 3 den Rialachán ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/66 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena sonraítear an chaoi a ndéanfar méid ainmniúil ionstraimí airgeadais seachas díorthaigh, méid barúlach na ndíorthach agus glanluach sócmhainní cistí infheistíochta a mheasúnú ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/67 ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha a bhunú chun an tionchar a eascraíonn as scor tagarmharcanna atá ann cheana nó athrú ar na tagarmharcanna sin a mheas ([4]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2018/1637 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na nósanna imeachta agus na saintréithe a bhaineann leis an bhfeidhm mhaoirseachta ([5]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(6) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1638 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh conas a áirithiú go bhfuil sonraí ionchuir iomchuí agus infhíoraithe, agus lena sonraítear a thuilleadh na nósanna imeachta formhaoirseachta inmheánaí agus fíorúcháin rannchuiditheora nach mór do riarthóir tagarmhairc chriticiúil nó shuntasaigh a áirithiú go bhfuil siad i bhfeidhm i gcás ina bhfuil na sonraí ionchuir á rannchuidiú ó fheidhm oifige tosaigh ([6]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(7) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1639 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh na gnéithe den chód iompair atá le forbairt ag riarthóirí tagarmharcanna atá bunaithe ar shonraí ionchuir ó rannchuiditheoirí ([7]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

([1]) IO L 12, 17.1.2018, lch. 5.
([2]) IO L 12, 17.1.2018, lch. 9.
([3]) IO L 12, 17.1.2018, lch. 11.
([4]) IO L 12, 17.1.2018, lch. 14.
([5]) IO L 274, 5.11.2018, lch. 1.
([6]) IO L 274, 5.11.2018, lch. 6.
([7]) IO L 274, 5.11.2018, lch. 11.

(8) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1640 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh na ceanglais rialachais agus rialuithe do rannchuiditheoirí faoi mhaoirseacht ([8]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(9) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1641 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh an fhaisnéis atá le cur ar fáil ag riarthóirí tagarmharcanna criticiúla nó suntasacha maidir leis an modheolaíocht a úsáidtear chun an tagarmharc a chinneadh, maidir le hathbhreithniú inmheánach agus formheas na modheolaíochta agus maidir leis na nósanna imeachta chun athruithe ábhartha a dhéanamh ar an modheolaíocht ([9]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(10) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1642 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh na critéir atá le tabhairt san áireamh ag údaráis inniúla agus measúnú á dhéanamh acu ar cibé ar cheart do riarthóirí tagarmharcanna suntasacha ceanglais áirithe a chur i bhfeidhm ([10]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(11) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1643 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh inneachar an ráitis tagarmhairc atá le foilsiú ag an riarthóir tagarmhairc agus na cásanna inar gá nuashonrú a dhéanamh ar an ráiteas sin ([11]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(12) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1644 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun íosmhéid inneachair na socruithe comhair le húdaráis inniúla tríú tíortha a sainaithnítear go bhfuil a gcreat dlí agus a gcleachtais mhaoirseachta coibhéiseach a chinneadh ([12]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(13) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1645 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le foirm agus ábhar an iarratais ar aitheantas chuig údarás inniúil an Bhallstáit tagartha agus i ndáil le cur i láthair faisnéise san fhógra chuig an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) ([13]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(14) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1646 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil in iarratas ar údarú agus in iarratas ar chlárú ([14]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(15) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2016 lena mbunaítear liosta de thagarmharcanna criticiúla a úsáidtear i margaí airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(16) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1147 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2017 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368 lena mbunaítear liosta de thagarmharcanna criticiúla a úsáidtear i margaí airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

([8]) IO L 274, 5.11.2018, lch. 16.
([9]) IO L 274, 5.11.2018, lch. 21.
([10]) IO L 274, 5.11.2018, lch. 25.
([11]) IO L 274, 5.11.2018, lch. 29.
([12]) IO L 274, 5.11.2018, lch. 33.
([13]) IO L 274, 5.11.2018, lch. 36.
([14]) IO L 274, 5.11.2018, lch. 43.
([15]) IO L 217, 12.8.2016, lch. 1.
([16]) IO L 166, 29.6.2017, lch. 32.

(17) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2446 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368 lena mbunaítear liosta de thagarmharcanna criticiúla a úsáidtear i margaí airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(18) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1105 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2018 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le nósanna imeachta agus foirmeacha le haghaidh soláthar faisnéise ag údaráis inniúla chuig ESMA faoi Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(19) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1106 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2018 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir leis na teimpléid don ráiteas comhlíontachta atá le foilsiú agus le coinneáil ar bun ag riarthóirí tagarmharcanna suntasacha agus neamhshuntasacha de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(20) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1557 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368 lena mbunaítear liosta de thagarmharcanna criticiúla a úsáidtear i margaí airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(21) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/482 ón gCoimisiún an 22 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368 ón gCoimisiún lena mbunaítear liosta de thagarmharcanna criticiúla a úsáidtear i margaí airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(22) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31l (Rialachán (AE) 2016/1011) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

'31la. **32016 R 1368**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2016 lena mbunaítear liosta na dtagarmharcanna criticiúla a úsáidtear i margaí airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 217, 12.8.2016, lch. 1), arna leasú le:

— **32017 R 1147**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1147 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2017 (IO L 166, 29.6.2017, lch. 32),

— **32017 R 2446**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2446 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2017 (IO L 346, 28.12.2017, lch. 1),

— **32018 R 1557**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1557 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 (IO L 261, 18.10.2018, lch. 10),

— **32019 R 0482**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/482 ón gCoimisiún an 22 Márta 2019 (IO L 82, 25.03.2019, lch. 26).

31lb. **32018 R 0064**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/64 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonrú a dhéanamh ar conas a bheidh critéir Airteagal 20(1)(c)(iii) le cur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an dtiocfadh drochthionchair shuntasacha as eachtraí áirithe, agus sin ar shláine an mhargaidh, ar chobhsaíocht airgeadais, ar thomhaltóirí, ar an bhfíorgheilleagar nó ar mhaoiniú teaghlach agus gnólachtaí i mBallstát amháin nó níos mó (IO L 12, 17.1.2018, lch. 5).

([17]) IO L 346, 28.12.2017, lch. 1.
([18]) IO L 202, 9.8.2018, lch. 1.
([19]) IO L 202, 9.8.2018, lch. 9.
([20]) IO L 261, 18.10.2018, lch. 10.
([21]) IO L 82, 25.3.2019, lch. 26.

31lc. **32018 R 0065**: Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2018/65 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena sonraítear eilimintí teicniúla de na sainmhínithe a leagtar síos i mír 1 d'Airteagal 3 den Rialachán (IO L 12, 17.1.2018, lch. 9).

31ld. **32018 R 0066**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/66 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena sonraítear an chaoi a ndéanfar méid ainmniúil ionstraimí airgeadais seachas díorthaigh, méid barúlach na ndíorthach agus glanluach sócmhainní cistí infheistíochta a mheasúnú (IO L 12, 17.1.2018, lch. 11).

31le. **32018 R 0067**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/67 ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha a bhunú chun an tionchar a eascraíonn as scor tagarmharcanna atá ann cheana nó athrú ar na tagarmharcanna sin a mheas (IO L 12, 17.1.2018, lch. 14).

31lf. **32018 R 1105**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1105 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2018 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le nósanna imeachta agus foirmeacha le haghaidh soláthar faisnéise ag údaráis inniúla chuig ESMA faoi Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 202, 9.8.2018, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Cur Chun Feidhme oiriúnaithe mar a leanas:

D'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, maidir leis na téarmaí 'Ballstát/Ballstáit' agus 'údaráis inniúla', tuigfear go bhfuil Stáit CSTE agus a n-údaráis inniúla, faoi seach, ar áireamh leo freisin, sa bhreis ar bhrí na dtéarmaí sin sa Rialachán.

31lg. **32018 R 1106**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1106 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2018 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir leis na teimpléid don ráiteas comhlíontachta atá le foilsiú agus le coinneáil ar bun ag riarthóirí tagarmharcanna suntasacha agus neamhshuntasacha de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 202, 9.8.2018, lch. 9).

31lh. **32018 R 1637**: Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2018/1637 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na nósanna imeachta agus na saintréithe a bhaineann leis an bhfeidhm formhaoirseachta (IO L 274, 5.11.2018, lch. 1).

31li. **32018 R 1638**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1638 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh conas a áirithiú go bhfuil sonraí ionchuir iomchuí agus infhíoraithe, agus na nósanna imeachta formhaoirseachta inmheánaí agus fíorúcháin rannchuiditheora nach mór do riarthóir tagarmhairc chriticiúil nó shuntasaigh a áirithiú go bhfuil siad i bhfeidhm i gcás ina bhfuil na sonraí ionchuir á rannchuidiú ó fheidhm oifige tosaigh (IO L 274, 5.11.2018, lch. 6).

31lj. **32018 R 1639**: Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2018/1639 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh na gnéithe den chód iompair atá le forbairt ag riarthóirí tagarmharcanna atá bunaithe ar shonraí ionchuir ó rannchuiditheoirí (IO L 274, 5.11.2018, lch. 11).

31lk. **32018 R 1640**: Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2018/1640 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh na ceanglais rialachais agus rialaithe le haghaidh rannchuiditheoirí faoi mhaoirseacht (IO L 274, 5.11.2018, lch. 16).

31ll. **32018 R 1641**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1641 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh an fhaisnéis atá le cur ar fáil ag riarthóirí tagarmharcanna criticiúla nó suntasacha maidir leis an modheolaíocht a úsáidtear chun an tagarmharc a chinneadh, maidir le hathbhreithniú inmheánach agus formheas na modheolaíochta agus maidir leis na nósanna imeachta chun athruithe ábhartha a dhéanamh ar an modheolaíocht (IO L 274, 5.11.2018, lch. 21).

31lm. **32018 R 1642**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1642 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh na critéir atá le tabhairt san áireamh ag údaráis inniúla agus measúnú á dhéanamh acu ar cibé ar cheart do riarthóirí tagarmharcanna suntasacha ceanglais áirithe a chur i bhfeidhm (IO L 274, 5.11.2018, lch. 25).

31ln. **32018 R 1643**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1643 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh inneachar an ráitis tagarmhairc atá le foilsiú ag an riarthóir tagarmhairc agus na cásanna inar gá nuashonrú a dhéanamh ar an ráiteas sin (IO L 274, 5.11.2018, lch. 29).

31lo. **32018 R 1644**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1644 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun íosmhéid inneachair na socruithe comhair le húdaráis inniúla tríú tíortha a sainaithnítear go bhfuil a gcreat dlí agus a gcleachtais mhaoirseachta coibhéiseach a chinneadh(IO L 274, 5.11.2018, lch. 33).

31lp. **32018 R 1645**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1645 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le foirm agus ábhar an iarratais ar aitheantas chuig údarás inniúil an Bhallstáit tagartha agus i ndáil leis an gcur i láthair faisnéise san fhógra don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) (IO L 274, 5.11.2018, lch. 36).

31lq. **32018 R 1646**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1646 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil in iarratas ar údarú agus in iarratas ar chlárú (IO L 274, 5.11.2018, lch. 43).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Tharmligthe (AE) 2018/64, (AE) 2018/65, (AE) 2018/66, (AE) 2018/67, (AE) 2018/1637, (AE) 2018/1638, (AE) 2018/1639, (AE) 2018/1640, (AE) 2018/1641, (AE) 2018/1642, (AE) 2018/1643, (AE) 2018/1644, (AE) 2018/1645 agus (AE) 2018/1646 agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368, (AE) 2017/1147, (AE) 2017/2446, (AE) 2018/1105, (AE) 2018/1106, (AE) 2018/1557 agus (AE) 2019/482 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhforlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 28 Meán Fómhair 2019, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 190/2019 ó Chomhchoiste LEE an 10 Iúil 2019 ([22]), cibé acu is déanaí.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

([22]) IO L 235, 12.9.2019, lch. 9.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meán Fómhair 2019.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Gunnar PÁLSSON